CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 101/24

**Lucsamburg, 18 Meitheamh 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-352/22 | Generalstaatsanwaltschaft Hamm (Iarraidh ar dhídeanaí a eiseachadadh chuig an Tuirc)

# Cuirtear cosc ar eiseachadadh an duine lena mbaineann chuig a thír thionscnaimh nuair a dheonaítear stádas dídeanaí dó i mBallstát

*Fad nach ndearna an t-údarás a dheonaigh an stádas sin é a chúlghairm nó a tharraingt siar, ní fhéadfar an duine lena mbaineann a eiseachadadh, gan beann ar na cúiseanna atá leis an iarraidh ar eiseachadadh*

Soiléiríonn an Chúirt Bhreithiúnais nach féidir le Ballstát náisiúnach tríú tír a eiseachadadh chuig a thír thionscnaimh i gcás inar deonaíodh stádas dídeanaí dó i mBallstát eile. Ní mór don údarás ar a ndéantar an iarraidh ar eiseachadadh teagmháil a dhéanamh leis an údarás a dheonaigh an stádas sin. Fad nár chúlghairm sé ná nár tharraing sé siar an stádas sin, ní fhéadfar an duine lena mbaineann a eiseachadadh.

D'iarr an Tuirc ar an nGearmáin náisiúnach Turcach de bhunadh Coirdíneach, a bhfuil drochamhras faoi i ndúnmharú, a eiseachadadh.

Ardaíonn an chúirt Ghearmánach, agus í ag tabhairt a breith ar an iarraidh úd an cheist; ó tharla gur deonaíodh stádas dídeanaí san Iodáil don duine lena mbaineann in 2010, ar an bhforas go raibh sé i mbaol géarleanúna polaitiúla ag údaráis na Tuirce mar gheall ar a thacaíocht do Pháirtí Lucht Oibre na Cordastáine (PKK), an gcuirtear cosc ar a eiseachadadh?

Ós rud é go mbaineann an cheist sin leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, chuir an chúirt Ghearmánach ceist ar an gCúirt Bhreithiúnais maidir leis an ábhar sin.

Is é freagra na Cúirte ná go gcuireann deonú stádais dídeanaí san Iodáil cosc ar eiseachadadh an duine lena mbaineann chuig a thír thionscnaimh ónar theith sé. Fad nár chúlghairm sé ná nár tharraing sé siar an stádas sin, ní mór diúltú don eiseachadadh [1]. Déanta na fírinne, ba ionann eiseachadadh dá leithéid agus deireadh a bheith á chur leis an stádas úd.

Ní mór d'údarás inniúil na Gearmáine, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, teagmháil a dhéanamh leis an údarás Iodálach a dheonaigh an stádas dídeanaí.

Má dhéanann údarás na hIodáile stádas dídeanaí a chúlghairm nó a tharraingt siar mar thoradh ar an teagmháil sin, ní mór d'údarás na Gearmáine a chinneadh freisin nach dídeanaí é an duine lena mbaineann nó nach dídeanaí é a thuilleadh [2]. Ina theannta sin, ní mór dó a áirithiú nach bhfuil aon bhaol tromchúiseach ann go gcuirfí an duine aonair céanna faoi phionós an bháis, faoi réir céasadh nó íde nó pionós eile atá mídhaonna nó táireach.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Leag an Chúirt béim air, mar sin féin, nach ndearna reachtas an Aontais prionsabal a leagan síos go dtí seo ar dá réir a cheanglófaí ar na Ballstáit cinntí lena ndeonaítear stádas dídeanaí arna nglacadh ag Ballstát eile a aithint go huathoibríoch. Dá bhrí sin, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit aitheantas na gceart uile a bhaineann le stádas dídeanaí ar a gcríoch a chur faoi réir cinneadh nua a bheith glactha ag a n-údaráis inniúla lena ndeonófaí an stádas sin.

[2] I ndáiríre, níl ach gné dhearbhaitheach ag baint le haitheantas Ballstát ar stádas dídeanaí. Dá bhrí sin, tá stádas dídeanaí ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát a chomhlíonann na coinníollacha sin, ar an gcúis sin amháin.